# Dé hAoine
# Oifig Impí



Gairdíní Altamont

Crom chugam le Cúnamh a Dhia.
Brostaigh a Thiarna agus cabhraigh liom.

Nascaim mé féin inniu:
Le neart tréan, impí na Tríonóide,
Creideamh i dTriaracht agus admháil Aontacht
An IlChruthaitheora.

Glóir don Athair ...

Tar a Rí na glóire dár gcaomhnú anuas,
A Rí ghil na trócaire a shaor sinn go crua.
A Mhic Mhuire Ógh dár gcaomhnú le bua,
A Mhic Mhuire míne is finn-ghile snua. *

A Íosa a Aon-Mhic an Athar ’s a Uain,
Thug fíorfhuil do chroí ghil dár gceannach go crua,
Bí’m dhíonsa, bí’m choimhdeacht, bí’m aice gach uair,
Más luí dom, más suí dom, más seasamh, más suan.

Ó ísligh mo dhíoltas is m’fhearg is m’fhuath,
Is díbir na smaointe mallaithe uaim;
Lig braon beag ded’ Naoimh Spiorad beannaithe ’nuas,
A scaoilfeas an croí seo ’tá ’na charraig le cruas.

Tabhair tionscnamh* dom ghníomhartha i d’ainm go buan,
Is críochnaigh le fíorcheart de ghnáth mo uaill, *
Go bhfaighinnse teacht saor ó gach cealg is cluain,
A Rí Mhic, ’s go bhfaighinnse bheith ag amharc ort suas.

(Cathal Buí Mac Giolla Ghunna)

* is finn-ghile snua = of the brightest and fairest complexion

* tionscnamh – beginning * uaill – wail, howl, yell = paidir

(Tá iomainn eile le fáil sa chuid Iomainn, Sailm agus Paidreacha)

**Ainteafan 1**
Tá tú lán de bhuanghrá dá mbíonn ag éamh ort

## Salm 86 (85)

### Sailm le Dáiví. Urnaí in Am na Trioblóide

Claon do chluas, a Thiarna, agus éist liom,
óir tá mé go dearóil dealbh.
Déan m’anam a chosaint óir is dílis mé;
fóir ar do ghiolla a bhfuil a dhóchas ionat.

Is tú mo Dhia; bíodh trua agat dom, a Thiarna,
óir bím ag éamh ort gan stad ar feadh an lae.
Cuir áthas ar anam do sheirbhísigh,
óir is chugat a thógaim m’anam, a Thiarna.

Óir is maith agus is ceansa thú, a Thiarna,
lán de bhuanghrá dá mbíonn ag éamh ort.
Éist le m’urnaí, a Thiarna;
tabhair aire do ghlór mo ghuí.

Glóir don Athair ...

**Ainteafan 1**

Tá tú lán de bhuanghrá dá mbíonn ag éamh ort



*(Lá aonaigh in Inis Díomainn)*

Moladh leat, a Thiarna liom, le do chréatúir go léir.

**Ainteafan 2**
Tabhair neart do do ghiolla, a Thiarna

## Salm 86 (85)
(Ar lean.)

Múin do shlí dom, a Thiarna;
i dtreo go siúlfainn i d'fhírinne;
agus déan mo chroí a dhíriú,
i dtreo gurab eagal liom d'ainm.

Tabharfaidh mé buíochas duit ó chroí, a Thiarna Dia;
agus molfaidh mé d'ainm go brách.
Óir ba mhór é do thrócaire go deimhin orm;
sciob tú m'anam leat ó dhuibheagán ifrinn.

D'éirigh lucht díomais i m'éadan, a Dhia,
tá drong gan trua ar thoir m'anama,
drong nach bhfuil aird acu ortsa.

A Thiarna Dia na trua agus na taise,
ar deacair thú a spreagadh chun feirge,

agus atá lán de ghrá agus d'fhírinne:
Féach orm agus bíodh trua agat dom.

Glóir don Athair ...

**Ainteafan 2**

Tabhair neart do do ghiolla, a Thiarna.

**Ainteafan 3**

Eisean a rinne sinn; is leis féin sinn.

## Salm 100 (99)

Gairdígí don Tiarna, a thíortha uile;
fónaigí don Tiarna go lúcháireach.
Tagaigí ina láthair le hamhráin áthais.

Bíodh a fhios agaibh gurb é an Tiarna is Dia ann.
Eisean a rinne sinn; is leis féin sinn.
Sinne a phobal agus caoirigh a pháirce.




Gabhaigí buíochas leis ag dul isteach ina dhoirse daoibh.
Siúlaigí isteach ina chúirteanna le caintící.
Tugaigí moladh dó agus móraigí a ainm.

Nach maith é go deimhin an Tiarna;
maireann a bhuanghrá go brách.
Is dílis é ó ghlúin go chéile.

Glóir don Athair ...

**Ainteafan 3**

Eisean a rinne sinn; is leis féin sinn.



*Guagán Barra foinse na Laoi*

*Glóirígí an Tiarna, a shléibhte agus a locha,*
*molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.*

.

## Apacailipsis Eoin 1, 17-18

"Ná bíodh eagla ort. Mise an té atá ar tosach agus ar deireadh; an neach beo; ba mharbh dom, ach anois is beo dom ar feadh na síoraíochta, agus tá eochracha an bháis agus ifrinn agam."

Freagra: Ghlaoigh mé ó chroí ort: A Thiarna, éist liom.
*(abair an freagra arís)*
Véarsa: Coinneoidh mé na haitheanta
*(Abair an freagra arís)*
Glóir don Athair ...
*(abair an freagra arís)*

## Ainteafan an Magnificat

Déanaigí ríocht Dé agus a fhíréantacht a lorg ar dtús, agus tabharfar na nithe sin uile daoibh chomh maith.



*Faightear Íosa sa Teampall, Mósáic in Ardeaglais an Mhuilinn Chearr*

## An Magnificat

Mórann m'anam an Tiarna,
agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.
Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh;
mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom.

Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm,
agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin dóibh seo ar a mbíonn a eagla.

Thaispeáin sé neart a láimhe:
scaip sé an dream a bhí uaibhreach i smaointe a gcroí.
Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha,
agus d'ardaigh sé daoine ísle;

Líon sé lucht an ocrais le nithe maithe,
agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.
D'fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach,
ag cuimhneamh dó ar a thrócaire –

de réir mar gheall sé dar n-aithreacha –
d'Abrahám agus dá shliocht go brách.

Glóir don Athair ...

### Ainteafan an Magnificat

Déanaigí ríocht Dé agus a fhíréantacht a lorg ar dtús, agus tabharfar na nithe sin uile daoibh chomh maith.

## Paidreacha Impí

Ghráigh Dia an domhan chomh mór sin gur thug sé a Aonghin Mic uaidh, agus ar an ábhar sin deirimid go muiníneach:
*Freagra*: A Thiarna éist lenár nguí.
Cuidigh linn grá a thabhairt do do mhac agus é a mholadh.
*Freagra*.
Cuidigh linn an grá atá aige dúinn a thuiscint.
*Freagra*.
Cuidigh leo siúd atá cráite, tabhair sólás dóibh siúd atá tinn agus treoraigh peacaigh ar bhealach a leasa.
*Freagra*.
A dhaoine beannaithe go léir a lean sampla San Proinsias agus atá imithe anois ar shlí na fírinne, bígí ag guí ag in éineacht linn agus muid ag impí beannacht Dé ar na trí ord a bhunaigh sé.
*Freagra*.

Ár nAthair...

## Paidir Chlabhsúir

A Thiarna Dia, cuidigh linn grá a thabhairt duit ónár gcroí go hiomlán agus dár gcomharsana faoi mar a thugaimid grá dúinn féin, cuirimid ár nguí chugat trínár dTiarna Íosa Críost do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leat mar aon leis an Spioraid Naomh, ina Dhia go brách na breithe. Áiméan.

Go mbeannaí an Tiarna muid, go gcoinní sé ó olc muid agus go dtuga sé chun na beatha síorraí muid. Áiméan.

Go dtuga Dia uilechumhachtach oíche chiúin agus críoch ar fheabhas dúinn.



Loch Garman le Clapsholas